# Treoirlínte chun tacú le Tionscadal Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta: An Chruthaitheacht i gCleachtas

Nollaig 2024

## An Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ........ 1

MEASÚNÚ DON TEISTIÚCHÁN I LÉANN NA DRÁMAÍOCHTA, NA SCANNÁN AGUS NA HAMHARCLANNAÍOCHTA DE CHUID NA HARDTEISTIMÉIREACHTA ........ 2

FORLÉARGAS AR AN TIONSCADAL 'AN CHRUTHAITHEACHT I GCLEACHTAS' .... 3

AN PRÓISEAS CHUN AN TIONSCADAL 'AN CHRUTHAITHEACHT I GCLEACHTAS' A CHUR I GCRÍCH ........ 4

Céim 2: An saothar a fhorbairt ........ 6

Céim 3: An saothar a bheachtú ........ 7

Céim 4: A shaothar amharclannaíochta a thaibhiú/ a scannán a thaispeáint do lucht féachana beo ........ 8

Céim 5: Meastóireacht a dhéanamh ar an saothar ........ 8

Céim 6: A dhialann tionscadail a athbhreithniú agus a chríochnú ........ 9

FORMÁID AGUS CUR ISTEACH AN TIONSCADAIL 'AN CHRUTHAITHEACHT I GCLEACHTAS' ........ 10

Tuairisceoirí Cáilíochta ........ 11

RÓL AN MHÚINTEORA ........ 13

AGUISÍNÍ ........ 15

Aguisín 1: Ceisteanna atá molta chun leid a thabhairt chun tacú leis an scoláire sa phróiseas chun an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' a chríochnú ........ 15

Aguisín 2 – Naisc Ábhartha ........ 18

Aguisín 3: Treoirlínte chun Tacú le Tagairtí a Dhéanamh ........ 19

# Réamhrá

Leis an doiciméad seo, *Treoirlínte maidir leis an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'*, tugtar:

- mionsonraí faoi chineál agus raon feidhme an Tionscadail 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' mar a thugtar breac-chuntas air sa tsonraíocht churaclaim do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta
- treoraíocht do scoileanna, múinteoirí agus scoláirí maidir leis an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' a dhéanamh, a chur i gcrích agus a chur isteach
- faisnéis maidir leis an ról atá ag scoileanna agus múinteoirí chun tacú leis an scoláire leis an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'
- tuairisceoirí cáilíochta don Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'.

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim le haghaidh Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta, rud is féidir a rochtain ag https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/drama-film-and-theatre-studies/.

I dtéarma 2 de Bhliain 1, foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) treoir chun an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' a dhéanamh.

# Measúnú don Teistiúchán i Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta

Tá an measúnú le haghaidh teistiúcháin bunaithe ar réasúnaíocht, aidhmeanna agus torthaí foghlama na sonraíochta do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise a mbíonn Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' i gceist léi.

Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal.  Bunófar an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' ar threoir chomónta agus déanfar measúnú air ar leibhéal an scrúdaithe scríofa deiridh a dhéanann an scoláire.  Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

| Comhpháirt measúnaithe | Ualú | Leibhéal |
| --- | --- | --- |
| Tionscadal Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta: An Chruthaitheacht i gCleachtas | 50% | Treoir Chomónta |
| Scrúdú scríofa | 50% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

## Forléargas ar an Tionscadal ‘An Chruthaitheacht i gCleachtas’

Leis an Tionscadal ‘An Chruthaitheacht i gCleachtas’, tugtar deis don scoláire fianaise ar a fhoghlaim ar feadh an chúrsa a léiriú, go háirithe, an fhoghlaim mar atá leagtha amach mar thorthaí i Snáithe 1, Próiseas Cruthaitheach agus Snáithe 3, Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha, mar a dhéantar achoimre sa tsonraíocht orthu. De réir mar a chuireann sé réimse scileanna cruthaitheacha i bhfeidhm, ba cheart go bhfoghlaimeodh an scoláire gurb í an rannpháirtíocht leis an bpróiseas agus an fhoghlaim uaidh atá i gceist le hobair a dhéanamh i réimse na cruthaitheachta, de réir mar a fhíoraíonn sé a thaibhiú/léiriúchán cruthaitheach.

Mar chuid den Tionscadal ‘An Chruthaitheacht i gCleachtas’, cruthaíonn an scoláire saothar ealaíne mar fhreagairt ar threoir arna leagan amach ag CSS. I mBliain 2, cuirfidh sé faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) lena mharcáil é, mar fhianaise ar a chumas na céimeanna den phróiseas cruthaitheach a úsáid, le saothar gearr cruthaitheach san amharclannaíocht nó sa scannánaíocht a cheapadh, a fhorbairt agus a thaibhiú/thaispeáint do lucht féachana dá chomhscoláirí, ar mhaithe lena chinntí cruthaitheacha a mhíniú agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a shaothar féin.

Dearadh an tionscadal seo le bheith comhtháite go nádúrtha i sreabhadh an teagaisc agus na foghlama agus le bheith níos spreagúla agus níos ábhartha don scoláire, ina dtarraingítear aird ar ábharthacht na cruthaitheachta ina shaol. Tugtar deiseanna leis don scoláire tabhairt faoina chuid spéiseanna sa drámaíocht, scannánaíocht agus amharclannaíocht, a chuid cinntí cruthaitheacha féin a dhéanamh, tuiscint choincheapúil dhomhain a shealbhú agus a chuid foghlama féin a bhainistiú.

Cé gur féidir tabhairt faoi ghnéithe den tionscadal mar chomhshaothrú, beidh ar gach scoláire a chuid saothair a chur isteach ar bhonn aonair.

**TREOIR**

Eiseoidh SEC *Coimre Tionscadail An Chruthaitheacht i gCleachtas* go bliantúil i dtéarma a dó den chéad bhliain den chúrsa. Chomh maith le riachtanais shonracha an Tionscadail An Chruthaitheacht i gCleachtas a leagan amach, déanfar an méid a leanas sa choimre:

- áireofar ábhar spreagtha ann chun comhthéacs a bhunú don tionscadal
- soláthrófar leideanna sonracha chun an scoláire a threorú agus a shaothar tionscadail á fhorbairt
- ligfear don scoláire a chuid smaointeoireachta agus smaointe a fhorbairt ar réimsí ba mhaith leis/léi a fhiosrú a bhaineann leis an gcoimre

- pleanáil an mhúinteora agus an scoláire a éascú
- ceadófar don scoláire ábhair a fhorbairt agus acmhainní a fháil ar féidir leis tarraingt orthu de réir mar a chuireann sé a thionscadal i gcrích.

## An Próiseas chun an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' a chur i gcrích

Éascaítear cumas agus ullmhacht an scoláire chun tabhairt faoina Thionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' le cineál comhtháite an chúrsa seo. Cuideoidh múinteoirí leis an scoláire tuiscint a fháil ar a rannphairtíocht leanúnach i ngníomhaíochtaí laethúla sa seomra ranga, lena n-áirítear a shaothar ar Thascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha, atá beartaithe le heolas, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt a bheidh mar bhonn faoina shaothar tionscadail.

D'fhonn tús a chur leis an saothar ar a thionscadal, ní mór don scoláire dul i ngleic leis an ábhar spreagtha arna sholáthar sa *Treoir don Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'*. Ina dhiaidh sin, úsáidfidh sé na céimeanna den phróiseas cruthaitheach de Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta mar chreatlach dá shaothar tionscadail agus na nithe seo a leanas ar siúl aige:

- saothar gearr cruthaitheach a dhéanamh/cheapadh san amharclannaíocht nó sa scannánaíocht a bhaineann leis an ábhar spreagtha a thugtar sa treoir
- an saothar cruthaitheach a thaibhiú/ thaispeáint do lucht féachana dá chomhscoláirí
- meastóireacht á déanamh ar a chuid saothair
- míniú a thabhairt ar a chuid cinntí cruthaitheacha.

I rith a shaothair tionscadail déanfaidh gach scoláire dialann tionscadail a fhorbairt. Leagfar amach struchtúr na dialainne tionscadail, agus sonraí eile is gá dá críochnú, sa treoir arna heisiúint ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Mar chuid den treoir freisin beidh ábhar spreagtha agus soláthar leideanna mar chreatlach agus treorú d'aird i saothar tionscadail an scoláire. D'fhonn an t-ualach oibre a leathadh, ba cheart go n-úsáidfeadh an scoláire a dhialann tionscadail ar bhonn rialta de réir mar a oibríonn sé trí gach céim dá thionscadal.


Féadfaidh scoileanna roghnú chun ardán digiteach a úsáid le dialanna scoláirí a stóráil agus a choinneáil slán sábháilte. Cheadófaí rochtain réidh don mhúinteoir leis sin le saothar agus dul chun cinn an scoláire a athbhreithniú ar bhonn tráthrialta, rud a éascóidh don phróiseas fíordheimhnithe leanúnach.
Éileofar ar gach scoláire dhá nóiméad de scannánaíocht físeán leanúnach a roghnú a bheadh oiriúnach chun tacú lena fhreagairt ar leid nó ar leideanna sa treoir, agus chun é a léiriú. Bainfear

an scannánaíocht óna shliocht gearr scannáin mar a thaispeántar é, nó ó thaifeadadh beo dá shaothar gearr amharclannaíochta, mar a léirítear os comhair lucht féachana é.  Tabharfar mionsonraí i ndáil leis an ábhar taifeadta agus a chur isteach mar chuid den treoir.

De bharr chineál atriallach an phróisis chruthaithigh, d'fhéadfadh roinnt céimeanna tarlú ag an am céanna, agus d'fhéadfadh sé níos mó ama a ghlacadh céim amháin a dhéanamh thar chéim eile. Mar a shloinntear sa tsonraíocht, tá ardleibhéal neamhspleáchais ag scoileanna chun cur i gcrích an tionscadail a phleanáil agus a eagrú, agus ní gá don scoláire gach céim den tionscadal a chríochnú in aon bhloc leanúnach amháin.
De réir mar a oibríonn sé trí na céimeanna éagsúla den tionscadal ar bhealach atriallach, ba cheart go dtuigfeadh an scoláire go dtiocfaidh athrú de réir a chéile ar a chuid saothair chruthaithigh. D'fhéadfadh sé imeacht ar roinnt gnéithe óna thogra bunaidh (ráiteas maidir le rún/cóireáil) nó d'fhéadfadh athruithe teacht aníos de bharr éagsúlacht cúiseanna bailí.  Is féidir go dtiocfaidh an scoláire ar an tuiscint go raibh sé ró-uaillmhianach lena fhís tosaigh; d'fhéadfadh athruithe teacht ó cheisteanna indéantachta, nó d'fhéadfadh leasuithe a bheith de dhíth de bharr céimeanna ar gcúl gan choinne ar an méid a samhlaíodh ar dtús. Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire míniú agus údar a thabhairt le haon chinneadh suntasach a dhéanann sé de réir mar a athraíonn a shaothar cruthaitheach.

Meastar go dtógfaidh an chomhpháirt mheasúnaithe bhreise (Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas') suas le 25 uair an chloig le críochnú. I gcás inarb iomchuí, tugtar amlíne tháscach do chríochnú céime sa chuid ábhartha. Braithfidh an fad ama is gá le gach céim a chríochnú ar chineál na treorach in aon bhliain faoi leith.

Ag cur le bunchlocha an taibhithe agus an léiriúcháin agus leis an bpróiseas cruthaitheach (ar a ndéantar achoimre i Snáithe 1 den tsonraíocht), tá an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' comhdhéanta de na sé chéim seo a leanas:




**Fior 1: An Próiseas chun an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' a chur i gcrích**

Tá na céimeanna ar a dtugtar achoimre thíos bunaithe ar na céimeanna den phróiseas cruthaitheach ar a ndéantar achoimre sa tsonraíocht. Ní foláir don scoláire na céimeanna sin a leanúint chun an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' dá chuid a chríochnú.

## Céim 1: Freagairt don treoir trí shamhlú agus coincheapú

A luaithe a théann sé i dtaithí ar an treoir, mar chuid de Chéim 1 tosóidh an scoláire ar shamhlú agus coincheapú a dhéanamh ina aonar ar roinnt smaointe mar fhreagairt uirthi. Samhlaítear gur cheart go dtógfadh an chéim sin idir 2 agus 4 uair an chloig le críochnú.

D'fhonn Céim 1 a chríochnú, déanfaidh an scoláire na nithe seo a leanas:

- rachaidh sé i ngleic leis an ábhar spreagtha ina leagtar amach an comhthéacs don tionscadal
- déanfaidh sé machnamh ar roinnt de na féidearthachtaí cruthaitheacha a thugtar leis an ábhar spreagtha, díreoidh sé a chuid smaointeoireachta ar smaointe cruthaitheacha ar leith ar mhaith leo a shaothrú, agus/ nó réimsí sainspéise (réimsí teicniúla/ léiriúcháin/ taibhithe)
- fiosróidh sé ilchineálacht foinsí agus tionchar lenar féidir coincheapú a chuid saothair a mhúnlú agus a spreagadh, amhail saothar na gcleachtóirí seanbhunaithe, déantáin, cultacha, íomhánna agus ceol srl.

Is le rannpháirteachas gach scoláire aonair sa chéim seo a ghinfear roinnt mhór smaointe agus acmhainní chun saothar gearr amharclannaíochta nó scannánaíochta a chruthú ina dhiaidh sin. De réir mar a bhogann sé go dtí an chéad chéim eile dá thionscadal, ní mór dó cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfidh sé a chuid smaointe cruthaitheacha chun cinn. D'fhéadfaidís cinneadh a dhéanamh tabhairt faoi thionscadal aonair nó gnéithe dá shaothar tionscadail a fhíorú trí rannpháirteachas i gcomhiarracht.

## Céim 2: An saothar a fhorbairt

Agus é ag obair ina aonar nó trí ghnéithe dá shaothar a chur ar aghaidh tríd an gcomhiarracht, i gCéim 2 tosóidh an scoláire ar a shaothar amharclannaíochta nó scannánaíochta a fhorbairt, mar chuid den phróiseas réamhléiriúcháin.  Samhlaítear gur cheart go dtógfadh an chéim sin idir 12 agus 15 uair an chloig le críochnú.

D'fhonn Céim 2 a chríochnú, déanfaidh an scoláire na nithe seo a leanas:

- déanfaidh sé machnamh ar smaointe cruthaitheacha arna nginiúint trí Chéim 1, agus ar an gcaoi a bhféadfadh na smaointe sin rannchuidiú le coincheap a fhorbairt
- roghnóidh sé an disciplín (amharclannaíocht nó scannánaíocht) is fearr a oireann dá chuspóir cruthaitheach

- ráiteas maidir le rún (amharclannaíocht)/ cóireáil (scannánaíocht) a cheapadh agus a fhorbairt[1]

- indéantacht an tionscadail atá beartaithe aige a fháil amach (m.sh. amlínte, spriocanna, acmhainní, srl.)

- cinntí tábhachtacha a dhéanamh faoi chúrsaí amhail an dearadh; cumadh/ceapadh scripteanna; taibhléiriú; stáitsiú agus teicnící ceamara/scannánaíochta, agus aird a choinneáil ar an sprioclucht féachana

- cinntí tábhachtacha a chur chun feidhme lena thogra a fhíorú (ráiteas maidir le rún/cóireáil) lena n-áirítear ábhair réamhléiriúcháin a fhorbairt.

## Céim 3: An saothar a bheachtú

D'fhonn an saothar a chur ar aghaidh, leanfaidh an scoláire air ag forbairt agus ag beachtú na n-ábhar réamhléiriúcháin a forbraíodh thiar i gCéim 2. Samhlaítear ag an taca seo go dtógfaidh an chéim seo den tionscadal idir 5 agus 6 uair an chloig le críochnú.

D'fhonn Céim 3 a chríochnú, déanfaidh an scoláire na nithe seo a leanas:

- rachaidh sé i ngleic le réamhléiriú teicniúil, réamhléiriú feistithe/réamhléiriú ceamaraí. Ba cheart go rachadh scannánóirí ar aghaidh go dtí scannánú le linn na céime sin

- úsáid a bhaint as cineál atriallach an phróisis chruthaithigh, tuiscint a fháil ar an ngá dul anonn agus anall idir na céimeanna forbartha agus beachtaithe den phróiseas

- a shaothar amharclannaíochta a chríochnú/ a scannán a chur in eagar mar ullmhúchán do thaibhiú/ chur ar scannán.

---

[1] Ráiteas maidir le Rún/ Cóireáil: Doiciméad a léiríonn scéal, coincheap agus smaoineamh físiúil de léiriú scannánaíochta nó amharclannaíochta sula scríobhtar script agus sula gceaptar an gníomhú. Uaireanta cuirtear in iúl via cur i láthair é.

## Céim 4:  A shaothar amharclannaíochta a thaibhiú/ a scannán a thaispeáint do lucht féachana beo

Tar éis dó a chuid saothair a chríochnú, taibheoidh an scoláire a shaothar amharclannaíochta/ taispeánfaidh sé a scannán os comhair lucht féachana beo. D'fhonn Céim 4 a chríochnú, déanfaidh an scoláire na nithe seo a leanas:

- úsáidfidh sé teicnící iomchuí teicniúla, léiriúcháin, agus/nó taibhithe de réir mar a léiríonn sé a shaothar amharclannaíochta nó scannánaíochta, mar ullmhúchán do thaibhiú/ chur ar scáileán os comhair lucht féachana

- a shaothar a thaibhiú/ a chur ar scannán os comhair lucht féachana, agus a scileanna teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe á léiriú aige.

**Nótaí:**
Ba cheart taibhléirithe amharclannaíochta a thaifeadadh i gcomhréir leis na treoracha arna n-eisiúint sa treoir.
Tabharfaidh CSS comhairle do scoileanna i ndáil le haon choinneáil riachtanach ar ábhar taifeadta.

## Céim 5: Meastóireacht a dhéanamh ar an saothar

I gCéim 5, déanfaidh an scoláire meastóireacht ar a shaothar.  Samhlaítear gur cheart go dtógfadh an chéim sin idir 2 agus 3 uair an chloig le críochnú.  Treorófar a mheastóireacht leis na leideanna arna soláthar sa treoir, lena n-áireofaí roinnt de na nithe seo a leanas:

- a rannpháirteachas leis an ábhar spreagtha
- an chaoi a ndeachaigh a rannpháirteachas leis an saothar ó chleachtóirí bunaithe i bhfeidhm ar fhorbairt a dtionscadail agus an chaoi ar múnlaíodh é leis
- príomhchinntí cruthaitheacha a rinneadh
- a mhéid ar éirigh leo an togra a fhíorú agus na cúiseanna leis sin
- a rannpháirteachas foriomlán sa phróiseas cruthaitheach
- rannpháirteachas lucht féachana agus freagairt
- dúshláin a chonacthas.

## Céim 6:  A dhialann tionscadail a athbhreithniú agus a chríochnú

Tar éis dó na chéad chúig chéim dá thionscadal a chríochnú, cuirfidh gach scoláire bailchríoch ar a dhialann tionscadail lena cur faoi bhráid CSS.  I rith na céime sin déanfaidh gach scoláire na nithe seo a leanas:

- áiritheoidh sé go gcuirtear an saothar ina dhialann tionscadail i láthair i gcomhréir leis an struchtúr riachtanach, agus ar bhealach soiléir, trí leas a bhaint as na ceannteidil rannóige a thugtar sa treoir
- athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar ina dhialann tionscadail, rud a áirithíonn go gcomhlíonann sé aon treoir i ndáil le líon focal, líon na n-íomhánna ceadaithe, srl.
- gach tagairt riachtanach a cuireadh leis a sheiceáil, ag cloí leis na Treoirlínte chun Tacú le Tagairtí a Dhéanamh a thugtar in aguisín 3 ar leathanaigh 19-21.

# Formáid agus Cur isteach an Tionscadail 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'

Éileofar ar an scoláire dialann tionscadail a fhorbairt agus a chur isteach mar chuid dá Thionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' de chuid Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta. Cuirfear an dialann tionscadail isteach i bhformáid dhigiteach arna leagan síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Ní mór gach saothar atá curtha i gcrích mar chuid den Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' a dhéanamh faoi dháta socraithe. Is é CSS a shocróidh an dáta sin, agus cuirfear in iúl do scoileanna é, agus cuirfear san áireamh leis an treoir a eiseofar i dTéarma 2 de Bhliain 1 den chúrsa é.

Ní mór an dialann tionscadail a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha arna gcur ar fáil ag CSS. Beidh faisnéis shonrach le fáil sna treoracha sin, amhail líon na bhfocal, líon na n-íomhánna ceadaithe, an struchtúr riachtanach agus ceannteidil na rannóg, méid comhad, etc.

Féadfaidh an scoláire roghnú chun tacaíocht a thabhairt, soiléiriú a dhéanamh nó fianaise a chur ar fáil maidir le próiseas nó torthaí a *Thionscadail: An Chruthaitheacht i gCleachtas* trí leas a bhaint as íomhánna ar nós léaráidí, líníochtaí, graf, cairteacha, táblaí, grianghraf, srl.

Ní mór don scoláire dul i mbun tagairtí a dhéanamh le haitheantas a thabhairt d'úsáid aon saothair a áirítear lena thionscadal nach leis féin é. Is féidir teacht ar dhéanamh tagairtí agus úsáid tagairtí in aguisín 3 ar leathanaigh 19-21.

Tá sé ríthábhachtach gur leis féin an saothar uile a chuireann an scoláire isteach lena mheasúnú. Is sárú mór ar na rialacháin é go gcuirfeadh aon scoláire saothar isteach nár chríochnaigh sé an saothar sin ina iomláine. Má chuirtear obair den sórt sin isteach, d'fhéadfaí pionóis a ghearradh, chomh fada le coinneáil siar na dtorthaí gaolmhara, agus é sin san áireamh.

Is cuid lárnach é próiseas láidir fíordheimhnithe chun sláine aon phróisis measúnaithe a áirithiú. Is bunriachtanas é fíordheimhniú scoilbhunaithe ar shaothar scoláirí ag na múinteoirí ar a gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis le measúnú cóir cothrom a dhéanamh ar an saothar úd. Cé nach indéanta ná riachtanach do mhúinteoirí é a bheith mar fhinné ar gach gné de shaothar an scoláire, ní foláir do mhúinteoirí a bheith sásta gurb é an scoláire a rinne an saothar é féin. Is le rannpháirteachas tráthrialta cuimsitheach le saothar gach scoláire ar a Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a chuirfear ar chumas múinteoirí fíordheimhniú muiníneach agus dlisteanach a dhéanamh ar aon saothar á chur isteach lena mheasúnú.

Soláthraíonn CSS treoir mhionsonraithe maidir le fíordheimhniú oibre cúrsa agus na coinníollacha maidir lena glacadh. Cuirfear faisnéis ar fáil sa treoir maidir leis an gcaoi a mbeidh feidhm aige sin ar an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas', agus freisin i ndoiciméadacht eile a d'fhéadfadh CSS a eisiúint.

## Tuairisceoirí Cáilíochta

Baineann na tuairisceoirí cáilíochta leis an bhfoghlaim a bhain an scoláire amach sa tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'. Éilítear go sonrach go ndéanfaidh an scoláire an méid seo a leanas mar fhreagairt don spreagthach:

- An próiseas cruthaitheach a chur i bhfeidhm
- A chuid smaointe agus coincheap a chur i gcrích
- Scileanna teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a léiriú
- Cinntí a mhíniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a chuid oibre.

| | *An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála* | *An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála* | *An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála* |
|---|---|---|---|
| **An próiseas cruthaitheach a chur i bhfeidhm** | dul i ngleic leis an bpróiseas cruthaitheach ar bhealach an-staidéarach, ag taispeáint a chuid pleanála agus ábhar réamhléiriúcháin go mion. | dul i ngleic leis an bpróiseas cruthaitheach ar bhealach córasach, ag taispeáint a chuid pleanála agus ábhar réamhléiriúcháin go measartha mion. | dul i ngleic leis an bpróiseas cruthaitheach ar bhealach teoranta, le roinnt céimeanna in easnamh agus easpa mionsonraí ina chuid pleanála agus ábhar réamhléiriúcháin. |
| **A chuid smaointe agus coincheap a chur i gcrích** | saothar amharclannaíochta nó scannánaíochta a chur i gcrích agus a chruthú a chuireann a chuid smaointe agus coincheap in iúl go soiléir mar fhreagairt ar an spreagthach. | saothar amharclannaíochta agus scannánaíochta a chur i gcrích agus a chruthú a chuireann a chuid smaointe agus coincheap in iúl go teoranta mar fhreagairt ar an spreagthach. | saothar amharclannaíochta agus scannánaíochta a chur i gcrích agus a chruthú, nach gcuireann smaointe agus coincheapa in iúl agus a thaispeánann nach bhfuil mórán bainte aige leis an spreagthach a cuireadh ar fáil. |
| **Scileanna teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a léiriú** | scileanna teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a eiseamláiriú ar bhealach an-inniúil. | scileanna teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a eiseamláiriú ar bhealach réasúnta inniúil. | scileanna teoranta teicniúla, léiriúcháin agus/nó taibhithe a eiseamláiriú. |
| **Cinntí a mhíniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a chuid oibre** | meastóireacht a dhéanamh ar a aschur cruthaitheach le gach céim agus cinneadh mínithe, a thugann machnamh tomhaiste agus léirsteanach ar an bpróiseas cruthaitheach a | meastóireacht a dhéanamh ar a aschur cruthaitheach le formhór na gcéimeanna agus na gcinntí mínithe, a thugann machnamh tomhaiste ar an bpróiseas cruthaitheach | a shaothar cruthaitheach a mheas gan mórán fianaise ná míniúcháin maidir leis na céimeanna éagsúla, ag tabhairt machnamh teoranta ar an bpróiseas cruthaitheach a |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ndeachthas i ngleic leis, lena n-áirítear freagairt an lucht féachana. | a ndeachthas i ngleic leis, lena n-áirítear freagairt an lucht féachana. | ndeachthas i ngleic leis, lena n-áirítear freagairt lucht féachana. |

*Leathanach 36, Sonraíocht Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta; Tuairisceoirí Cáilíochta don Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'*

## Ról an mhúinteora

Bíonn ról tábhachtach le feidhmiú ag an múinteoir chun tacaíocht a thabhairt agus maoirseacht a dhéanamh ar shaothar scoláirí sa Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'. Ba cheart teagasc agus foghlaim a bhaineann leis an gcomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a chomhtháthú i gcleachtas leanúnach sa seomra ranga chun deiseanna a uasmhéadú don scoláire torthaí foghlama na sonraíochta a bhaint amach agus tacú le príomhinniúlachtaí a fhorbairt.

Tugann eisiúint na treorach comónta ag CSS i dtéarma a dó de bhliain a haon deis do mhúinteoirí riachtanais agus ábhar na treorach a threorú ó chéim luath foghlama san ábhar. Éascófar do mhúinteoirí freisin agus iad ag pleanáil le CMB a chomhtháthú, de réir mar is cuí, i ngnáth-shreabhadh an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- soiléiriú a dhéanamh ar cheanglais na treorach don Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'
- cuidiú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an gcaoi a nasctar an treoir arna heisiúint ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit don Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' le sonraíocht Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta
- aon réimse faoi leith den tsonraíocht a aithint ar ghá don scoláire dul i ngleic leis chun tabhairt faoin gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- a chinntiú go bhfuil an scoláire ar an eolas faoi na tuairisceoirí cáilíochta a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- ceisteanna i bhfoirm leideanna a chur ar fáil, amhail na cinn úd a thugtar ar leathanaigh 15-17 in aguisín 1, chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do phleanáil agus smaointeoireacht chriticiúil an scoláire i rith an phróisis
- spreagadh a thabhairt don scoláire chun díriú ar cheanglais na treorach agus a chuid saothair a cheangal leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht
- treoir a thabhairt don scoláire i bhforbairt leanúnach a chuid scileanna taighde
- cuidiú leis an scoláire meas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le dea-chleachtais déanta tagairtí agus don ghá chun aon chineál bradaíola a sheachaint
- rochtain a éascú ar acmhainní iomchuí

- socruithe rochtana iomchuí a chur ar fáil don scoláire ag a bhfuil riachtanais bhreise foghlama, i gcomhréir le soláthar comhréiteach réasúnta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- feasacht a mhúscailt i measc scoláirí nach mór dóibh aon rialachán éigeantach nó ceanglais ábhartha a chomhlíonadh amhail na cinn a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), réadmhaoin phoiblí nó phríobháideach a rochtain srl.
- aiseolas a úsáid go hiomchuí chun cur chuige athmhachnamhach a chur chun i leith na hoibre ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- treoracha a chur ar fáil ag eatraimh straitéiseacha chun comhlíonadh tráthúil na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis a éascú
- aird an scoláire a tharraingt ar aon cheanglas i ndáil le cur isteach na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis arna sonrú sa treoir
- deiseanna a chur chun cinn a thugann Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis chun príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a fhorbairt.

D'fhonn an próiseas fíordheimhnithe a éascú, ba cheart go mbeadh na múinteoirí rannpháirteach ar bhonn tráthrialta le saothar an scoláire ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis. Ba cheart gurbh fheasach do mhúinteoirí nach féidir saothar ach ar leis an scoláire féin é a chur isteach lena mheasúnú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, agus nach mór do gach scoláire a chuid oibre a chur isteach ar bhonn aonair. I gcás ina bhfuil níos mó ná scoláire amháin in aon rang ag obair ar Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis atá cosúil lena chéile, beidh sé tábhachtach go nglacfaidh gach scoláire cur chuige aonair i leith na hoibre. Ba cheart an t-aiseolas a chuirtear ar fáil don scoláire a bheith ginearálta agus neamhthreorach. Níor cheart do mhúinteoirí aon tacaíocht iomarcach ná mhíchuí a thabhairt don scoláire, amhail dréacht dá saothar a chur in eagar ná téacs eiseamláireach nó freagraí a chur ar fáil le húsáid mar fhianaise d'fhoghlaim an scoláire.

# Aguisíní

## Aguisín 1: Ceisteanna atá molta chun leid a thabhairt chun tacú leis an scoláire sa phróiseas chun an Tionscadal ‘An Chruthaitheacht i gCleachtas’ a chríochnú

Chun cúnamh a thabhairt don mhúinteoir an Tionscadal ‘An Chruthaitheacht i gCleachtas’ a éascú, tugtar thíos sraith ceisteanna chun leid a thabhairt as a bhféadfaidís leas a bhaint lena chuid scoláirí, ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Is táscach amháin iad seo a leanas gan a bheith uileghabhálach.

**Mo shaothar a fhorbairt**

- Cé acu de mo chuid smaointe cruthaitheacha (ó chéim a haon) a úsáidfidh/chuileálfaidh mé?
- Cén fáth ar roghnaigh mé an disciplín ar leith seo (amharclannaíocht/scannánaíocht) le mo chuspóir cruthaitheach a chur in iúl?
- Céard a bheidh le fáil i mo thogra (ráiteas maidir le rún/ cóireáil)?
- Cad iad na hábhair nó saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu i mo shaothar amharclannaíochta/ scannánaíochta?
- Cad iad na hacmhainní/scileanna a bheidh de dhíth?
- Cén chaoi a gcinnteoidh mé go mbeidh mo chuid amlínte, spriocanna agus acmhainní réalaíoch?
- Cé hiad na cleachtóirí nó na saothair a mbeidh tionchar acu ar mo shaothar féin?
- Cén chaoi a dtabharfaidh mé aghaidh ar an leid sa treoir?
- Cad iad na gnéithe (taibhithe/ teicniúla/ léiriúcháin) a bheidh tábhachtach i mo shaothar, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agam iad a úsáid agus cén cuspóir a bheidh leo?
- Cén chaoi agus cén áit a ndéanfar an saothar drámaíochta/scannánaíochta a stáitsiú/scannánú?
- Cén chaoi a ndéanfar monatóireacht agus taifeadadh ar an dul chun cinn?

**Mo shaothar a bheachtú**

- Ar tháinig aon athrú ar mo smaointe tosaigh de réir mar a forbraíodh an saothar? Cén chaoi agus cén fáth?
- Cad a d'fhoghlaim mé ó mo rannpháirteachas leis na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna) ar féidir leis cuidiú liom mo shaothar cruthaitheach a fheabhsú?
- Cé na teicnící teicniúla, léiriúcháin, agus/nó taibhithe a úsáidfidh mé sa chéim réamhchleachtaidh, chun ullmhú i gcomhair taibhithe/ cur ar scáileán os comhair lucht féachana?
- Cad iad na céimeanna den phróiseas forbartha ar ghá dom smaoineamh orthu an athuair le mo shaothar a bheachtú?
- Cad iad na rioscaí a bhaineann leis an ró-réamhchleachtadh agus cén chaoi ar féidir leo a sheachaint?
- Cad iad na fadhbanna a bhain domsa agus cén chaoi ar réitigh mé na fadhbanna sin?

**Taibhléiriú mo shaothair amharclannaíochta/cur ar scáileán mo scannáin os comhair lucht féachana beo**

- Cén chaoi a bhfíorófar mo rogha cur chuige i leith na dteicnící teicniúla, taibhithe, léiriúcháin sa taibhiú/ chur ar scáileán os comhair lucht féachana beo?
- Ar thug mé aird chuí ar an lucht féachana?
- Cén chaoi a ndeachaigh mo mhachnamh ar an lucht féachana i bhfeidhm ar mo thaibhiú/ chur ar scáileán?
- Cad iad na ceisteanna sábháilteachta a bheidh tábhachtach sa léiriúchán seo?

**Meastóireacht a dhéanamh ar mo shaothar**

- Cén chaoi ar rianaigh mé mo dhul chun cinn trí na céimeanna éagsúla den phróiseas cruthaitheach?
- Cén chaoi a n-athróinn gnéithe de mo shaothar (gnéithe taibhithe, léiriúcháin nó teicniúla) amach anseo?

- Dá mba rud é gur tugadh aghaidh ar ábhar nó saincheist le mo shaothar, cén dearcadh a bhí agam i leith na saincheiste sin sular thosaigh mé ar mo shaothar tionscadail? Ar tháinig aon athrú ar mo dhearcadh bunaithe ar an méid a chonaic mé i gcaitheamh mo shaothair tionscadail?
- Cén t-eolas, scileanna, luachanna agus dearcthaí a bhí de dhíth orm don ról (do na róil) a ndeachaigh mé i ngleic leo sa tionscadal?
- De réir mar is iomchuí, cén chaoi ar chuidigh mo rannpháirteachas le daoine eile le fíorú an tsaothair deiridh nó cén chaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm air?

## Aguisín 2 – Naisc Ábhartha

- Oideachas Amharclann na Mainistreach https://www.abbeytheatre.ie/whats-on/home-education/

- BBC Bitesize
  Drámaíocht agus Amharclannaíocht - https://www.bbc.co.uk/bitesize/examspecs/zrnjwty
  Conas Scannánú - https://www.bbc.co.uk/bitesize/articles/zyq8qyc

- Curaclam ar Líne - Sonraíocht churaclaim do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta

- Drámaíocht ar Líne https://www.dramaonlinelibrary.com/national-theatre-collection-for-schools

- Acmhainn Drámaíochta – Amharclannaíocht a Cheapadh Devising Theatre - Drama Resource

- Amharclann an Druid - Community & Education - Druid Theatre

- Tionscadal Scannán Fís, Acmhainní do Mhúinteoirí https://fisfilmproject.ie/teacher-resources/

- Foinsí Iar-bhunscolaíochta Fís http://www.fisfilmpostprimary.ie/

- Clár IFI do Scoileanna https://ifi.ie/learn/schools

- Amharclann Náisiúnta (an Ríocht Aontaithe) Schools | National Theatre

- Tacaíochtaí *Oide* do mhúinteoirí Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta ó www.oide.ie

- RTÉ Learn Ever wonder how to make your own film? (rte.ie)

- Gearrscannáin a chur ar scáileán Film Glossary (screeningshorts.org.uk)

- Coimisiún na Scrúduithe Stáit: Cuirfear gach treoir chun an Tionscadal 'An Chruthaitheacht i gCleachtas' san áireamh mar chuid de threoir, arna heisiúint ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) i dtéarma 2 de bhliain 1 ar www.examinations.ie

- Theatre Crafts Glossary of Technical Theatre Terms – Theatrecrafts.com

- Tiny Plays le Fishamble Education - Fishamble: The New Play Company

## Aguisín 3: Treoirlínte chun Tacú le Tagairtí a Dhéanamh

Is gné thábhachtach den Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis í tagairtí a dhéanamh mar tugann sí deis dóibh siúd a léann dialann an tionscadail teagmháil níos fearr a dhéanamh leis an ábhar agus an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa tagairt a fhíorú. Is é an bealach is oiriúnaí don scoláire aitheantas a thabhairt d'fhoinse aon fhaisnéise, smaointe, ábhair nó íomhánna nach leis an scoláire féin atá curtha san áireamh acu ina CMB.

Trí thagairt a dhéanamh is féidir leis an scoláire fianaise a sholáthar ar an taighde a rinne sé, cuidíonn sé chun tacú le hargóintí agus conclúidí agus iad a neartú, agus is féidir é a úsáid chun a léiriú go ndearna an scoláire peirspictíochtaí difriúla a mheas agus a fhiosrú.

Ba cheart don scoláire tabhairt faoi thagairt a dhéanamh laistigh de chorp a chuid saothair (sliocht idir lúibíní) agus freisin sa rannóg tagairtí den dialann tionscadail. Trí shliocht idir lúibíní a úsáid, soláthraítear nasc díreach idir an méid a scríobhann an scoláire agus an taighde ar a bhfuil a chuid oibre bunaithe.

Sampla:
Aon scoláire a d'úsáidfeadh ábhar ó leathanach 57 den leabhar *Inclusion: effective practice for all students?*, d'úsáidfidís an sliocht idir lúibíní (lch. 57, McLeskey, 2013) agus ansin leanfaidís ar aghaidh agus mionsonraí a chur leis an liosta tagairtí mar McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* 2ú heag.

Sa rannóg tagairtí dá dhoiciméad, ba cheart don scoláire mionsonraí iomchuí a thabhairt d'aon fhoinse a d'úsáid sé i rith an *Tionscadail: 'An Chruthaitheacht i gCleachtas'* dá chuid, amhail:

- leabhair, nuachtáin, irisí
- irisí gairmiúla agus tuarascálacha rialtais
- foinsí ar líne, lena n-áirítear físeáin, podchraoltaí srl.
- ábhar ó shaineagraíochtaí agus ó dhaoine aonair ábhartha
- ábhar arna ghiniúint ag bogearraí intleachta saorga (IS) agus feidhmchláir IS. Eiseofar faisnéis shonrach faoi seo sa treoir CMB agus i ndoiciméadacht ghaolmhar ó CSS.

Níl an rannóg a bhaineann le tagairtí san áireamh sa líon focal. Cabhraíonn tagairtí cuimsitheacha lena thaispeáint go bhfuil an scoláire tar éis tabhairt faoi chleachtais taighde mhacánta eiticiúla agus gur sheachain sé bradaíl. Ba cheart go mbeadh an tagairt chomh sonrach agus is gá chun an fhoinse taighde ar leith a chur in iúl, amhail uimhir leathanaigh nó caibidil i leabhar, rannóg i suíomh gréasáin, stampa ama ar phodchraoladh nó ar fhíseán etc.

Is feall tromchúiseach é bradaíl agus tarlaíonn sé nuair a úsáidtear obair seachas obair an scoláire féin gan admháil shoiléir ar fhoinse na hoibre. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as ábhar a ghintear trí úsáid a bhaint as bogearraí intleachta saorga (IS) nó as feidhmchláir IS. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach ó aon fhoinse gan admháil chuí agus d'fhéadfaí go ngearrfar pionóis, suas go dtí coinneáil siar na dtorthaí gaolmhara, agus an pionós sin san áireamh.

Agus tagairt á déanamh do na foinsí a d'úsáid an scoláire ina Thionscadal: 'An Chruthaitheacht i gCleachtas', ba cheart go gcinnteoidís, gan beann ar an gcineál foinse, go bhfuil dóthain sonraí cruinne ann le cur ar chumas an léitheora an tagairt a fhíordheimhniú. Níl aon stíl tagartha fhoirmiúil ar leith ag teastáil.

**Conas ba cheart don scoláire tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla**

- Sa chás go bhfuil foinsí scríofa nó faisnéis i gcló á lua ag an scoláire, ba cheart dó ainm an údair, teideal an fhoilseacháin, bliain an fhoilsithe, agus, más gá, uimhir leathanaigh nó caibidil/rannóg an fhoilseacháin a thabhairt.
- Sa chás gur mian leis an scoláire tagairt a dhéanamh do shuíomh idirlín nó d'fhoinse ar líne, ba cheart go mbeadh go leor sonraí cruinne ann chun a chur ar chumas an léitheora an tagairt a fhíordheimhniú, lena n-áirítear an hipearnasc agus an dáta a léitear nó a íoslódáiltear.
- I gcás inar bhain an scoláire úsáid as ábhar a ghintear le bogearraí intleachta saorga (IS) agus feidhmchláir IS, ní mór é sin a admháil. Ba cheart go n-áireofaí leis an tagairt ainm na huirlise intleachta saorga a úsáideadh, an dáta ar gineadh an t-inneachar agus go dtabharfaí míniú gairid ar an gcaoi ar úsáideadh í. Gineann go leor uirlisí IS giniúna URLanna in-chomhroinnte ina leagtar amach ábhar na seisiún comhrá a tharla. I gcás inar úsáideadh uirlis den sórt sin, ba cheart an URL a chur san áireamh i liosta na bhfoinsí taighde. I gcás nach ngintear URL inroinnte le huirlis IS, ba cheart don scoláire ainm na huirlise, agus an leid a úsáidtear, a chur san áireamh.

| **Samplaí de shliocht idir lúibíní le haghaidh cineálacha difriúla foinsí** |
|---|
| **Leabhar**:<br>(lch. 57, McLeskey, 2013) |
| **Alt nuachtáin/irise**:<br>(Hearne, J., 30/08/2024) |
| **Téacs/íomhá arna rochtain ar líne**:<br>(thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices) |
| **Fuaim arna rochtain ar líne**:<br>(Eip. 10, rte.ie/radio/podcasts/22093250)B |
| **Físeán arna rochtain ar líne**:<br>(3:20 go 5:45, youtu.be/yCv4iyPqZKQ) |
| **Uirlisí IS (maille le url inroinnte)**:<br>(chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940) |
| **Uirlisí IS (gan url inroinnte)**:<br>(OpenAI (2023) ChatGPT, 20/10/2023) |

| **Samplaí de thagairtí le haghaidh cineálacha difriúla foinsí** |
| --- |
| **Leabhar sa liosta tagairtí:**<br>McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* 2ú heag. |
| **Alt nuachtáin/irise**<br>Hearne, J. (30/08/2024) 'How bad driving habits cost Irish motorists hundreds every year', Irish Examiner |
| **Téacs/íomhá arna rochtain ar líne**<br>Latin Library, Principal Rhetorical and Literary Devices, (dáta a scríofa gan bheith ar fáil), http://www.thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices.pdf, Dáta rochtana: 17/6/24 |
| **Fuaim arna rochtain ar líne**<br>Philip Boucher Hayes, RTE, Hot Mess – Megawatts and Megabytes, Podcast, dáta arna chruthú: 30/5/24, https://www.rte.ie/radio/podcasts/22093250-ep-10-megawatts-and-megabytes/, Dáta arna rochtain: 10/11/23 |
| **Físeán arna rochtain ar líne:**<br>ApintTurtle, Zig & Zag – Christmas crises, Film, dáta arna chruthú an 20/12/2008, http://youtu.be/yCv4iyPqZKQ, 12/12/14, idir 3 nóiméad 20 soicind go 5 nóiméad 45 shoicind. |
| **Uirlisí IS**<br>Sampla maille le URL inroinnte arna ghineadh ag an Uirlis IS:<br>OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan an 20 Deireadh Fómhair) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. https://chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940 |
| **Uirlisí IS**<br>Sampla gan URL inroinnte<br>OpenAI (2023) ChatGPT (leagan an 20 Deireadh Fómhair) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. Leid a úsáideadh agus an téacs a gineadh. |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment